

**An Tuarascáil Bhliantúil don Choiste a Ceapadh
chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeacht an
Chláir Athstiúrtha**

2010

TEAGMHÁIL

Tá cóip den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie
Agus ar láithreán gréasáin Cheartas Óige na hÉireann www.iyjs.ie
Oifig an Gharda Síochána um Leanáí agus Ghnóthaí Óige ,
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 666 38 31/2/3/4
Facs: (01) 666 38 27
Ríomhphost: childrenandyouthaffairs@garda.ie

PRN: A11/1300



A Choimisinéir, a chara,

Is é mo phléisiúir é An Tuarascáil Bhliantúil 2010 don Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeacht an Chláir Athstiúrtha, mar atá leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na Leanaí 2001, a chur in bhur láthair.


B'é lion iomlán na n-atreoraithe a rinneadh chuig an gClár Athstiúrtha le linn 2010 ná 27,257 méadú de 3,305 nó 13.8% ar 2009. Is é líon iomlán na leanaí aonair a dtagraítear don Chlár ná 17,986 laghdú de 533 nó 2.9% ón iomlán le haghaidh 2009. Bhí 12,899 (72%) ligthe isteach don Chlár AAthstiúrtha ón méid sin leanaí a bhí atreoruithe.

Bhí 792 atreorú déanta ag baint úsáid as Ceartas Aisiríoch, a thugann le fios an úsáid méadaithe de Cheartas Aisiríoch i gcaidreamh le daoine óga a bhíonn i gcoimhlint leis an dlí. Leanaimid i 2011 le dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár an Gharda Síochána um Cheartas Aisiríoch.

Leanadh, le linn 2010, le cur i bhfeidhm Straitéis an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige. Is forbairt fhíorthábhachtach é an comhtháthú idir an bunachar sonraí Chlár Athstiúrtha agus córas PULSE an Gharda Síochána. Is é a bhí mar thoradh air seo ná feabhas ar thráthúlacht d'atreoruithe daoine óga le haghaidh breithnithe sa chlár agus éifeacht níos fearr i mbainistíocht an Chláir Athstiúrtha ina iomláine. Chuir sé seo ar a chumas freisin staitisticí a chur i láthair ar aon dul le hAicmiú Coireanna an Phríomhoifig Staidrimh. Beidh comparáid níos doimhne de phatrúin agus threochtaí coireanna mar thoradh air seo sa todhchaí.

Cruthaíodh 7 bpost breise d'Oigigh Idirchaidrimh don Óige i 2010 ag cur críoch le tiomantas ceithre bliana Choimisinéir an Gharda Síochána chun líon na nOifigh Idirchaidrimh don Óige a mhéadú le 28. Tá 8 Sáirsint agus 115 postanna Oifigh Idirchaidrimh don Óige tiomanta do bheith ag obair leis an óige a thagann i gcoimhlint leis an dlí.

Teastaíonn uaim mo bhuíochas a ghabháil leis an gcoiste as ucht a gcuid cabhrach i gcaitheamh na bliana, le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, leis an bhfoireann ag Oifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige agus leis na hOifigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as ucht a ndíograise agus a gcuid oibre. Chomh maith leis sin ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bpairtnéirí lena n-áirítear An tSeirbhís Cheartas Óige na hÉireann agus An tSeirbhís Phromhaidh as ucht a gcuid tacaíochta agus a dtiomantas le linn na bliana.


Seán O'Tuama Coimisinéir Cúnta

CLÁR ÁBHAIR

Brollach	3
Achoimre Feidhmiúcháin	5
An Clár Athstiúrtha.....	6
Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste.....	6
Structúr Acmhainní Daonna	7
Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha	8
Leanaí Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha	10
Leanaí Atreoruithe de réir Inscne, Réigiúin agus Roinne	12
Rabhaidh—Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta	13
Ceartas Aisiríoch	14
Ceartas Aisiríoch i gCleachtas	15
Imeachtaí Cheartas Aisiríoch 2010 de réir Réigiúin agus Roinne	17
Leanaí a Ceapadh a bheith Mí-oiriúnach le cur isteach sa Chlár Athstiúrtha	18
Cineál Coire lenar Atreoraíodh Leanaí.....	19
Aois Phróifíl Leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha	22
Tionscnaimh an Gharda um Atreorú Leanaí	23
Tuairimí agus Moltaí	24

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

- Ba é líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i rith 2010 ná 27,257.
- Ba é líon iomlán na leanaí aonair a atreoraíodh chuig an gClár ná 17,986.
- Bhí 12,899 (72%) de na leanaí a atreoraíodh ligthe isteach chuig an gClár Athstiúrtha.
- Bhí 9,332 (52%) de chásanna leanaí réitithe trí bhíthin rabhadh neamhfhoirmeálta.
- Bhí 3,567 (20%) de chásanna leanaí réitithe trí bhíthin rabhadh foirmeálta.
- Cinneadh ar feitheamh a bhí i 1,165(6%) de chásanna leanaí.
- Níor ghá aon ghníomh eile an Gharda Síochána maidir le 856(5%) de na leanaí.
- Measadh go raibh 3,066 (17%) de leanaí ceaptha lena bheith mí-oiriúnach le cuimsiú sa Chlár.
- Ba mhná iad 22% de na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár agus ba fhir iad 78% acu.
- Leanadh le forbairt Chlár an Gharda Síochána um Cheartas Aisiríoch agus bhain Oifigigh Idirchaidrimh don Óige úsáid as Ceartas Aisiríoch i 792 atreorú.
- Is iad na trí phríomhchion ar atreoraíodh leanaí ná ord poiblí (31.35%), gadaíocht agus cionta gaolmhara (22.40%) agus damáiste maoine agus timpeallachta (11.10%). Ní eascaíonn athruithe le catagóirí ciona chun comparáidí a dhéanamh le blianta a d'imigh tharainn.
- Bhí 7 bpost nua Oifigeach Idirchaidrimh don Óige cruthaithe i 2010 rud a fhágann líon iomlán na bpostanna Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ag 115 le 8 Oifigeach Idirchaidrimh don Óige mar Sháirsintí.

AN CLÁR ATHSTIÚRTHA

Is pacáiste de bhearta é An Clár Athstíúrtha chun deileáil le leanaí idir 10 agus 18 mbliana d'aois, a dhéanann cion nó cionta. Is é Ceannfort an Gharda Síochána, atá ceaptha ag Coimisinéir an Gharda Síochána, agus aithne air mar Stiúrthóir an Chláir, dhéanann bainistíocht ar an gClár. (Alt 20) Caithfidh an Stiúrthóir macnamh a dhéanamh ar gach cás agus cinneadh a dhéanamh ar oiriúnacht nó a mhalairt gach leanbh le bheith páirteach sa Chlár.

Chun a bheith ligthe isteach sa chlár caithfidh leanbh:

- a bheith idir 10 agus 18 mbliana d'aois.
- freagracht a ghlacadh as a (h)iompar coiriúil .
- a bheith toilteanach rabhadh a fháil agus a bheith faoi mhaoirseacht mar is cuí.

Má cheaptar an leanbh a bheith oiriúnach le bheith ligthe isteach sa Chlár tugtar rabhadh foirmeálta nó neamhfhoirmeálta dó/di. Is féidir, i gcuinsí áirithe, cuireadh a thabhairt d'íospartach na coire chun a bheith páirteach ag an rabhadh. Tugtar rabhadh aisiríoch air seo. D'fhéadfadh an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (OIÓ) a mholadh freisin gur cóir comhdháil teaghlaigh a reachtáil maidir leis an leanbh.

Cuirtear leanbh, a bhfuil rabhadh foirmeálta tugtha dó/di, faoi mhaoirseacht Gharda ar feadh tréimhse 12 mhí. D'fhéadfadh an tréimhse seo mhaoirseachta, i gcuinsí áirithe, a bheith athruithe ag an Stiúrthóir. Beidh an rabhadh tugtha ag ceachtar acu Garda le céim nach lú ná Cigire nó Oifigeach Idirchaidrimh don Óige a fuair oiliúint idirghabhála. Tá rabhadh neamhfhoirmeálta tugtha ag OIÓ agus de ghnáth ní chuirtear an leanbh faoi mhaoirseacht. Go praiticiúil, is próisis fhoirmeálta an dá rabhadh, ceann amháin le tréimhse mhaoirseachta agus an ceann eile gan mhaoirseacht.

BALLRAÍOCHT AGUS TÉARMAÍ TAGARtha AN CHOISTE

Siníodh Ordú Aireachta i mí na Bealtaine 2002 a chuir Cuid 4 d'Acht na Leanáí 2001 i bhfeidhm. Baineann an chuid seo den Acht go hiomlán leis an gClár Athstíúrtha agus díríonn Alt 44 go gceapfar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an Chláir Athstíúrtha.

Is iad téarmaí tagartha an Choiste ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an Chláir Athstíúrtha
- athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dá oibriú
- monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha oiliúna na n-éascóirí
- tuarascáil bhliantúil a chur i láthair Choimisinéir an Gharda Síochána faoina a imeachtaí i gcaitheamh na bliana


Is iad táscaanna an Choiste ná chun:

- bainistíocht agus seachadadh éifeachtach an Chláir Athstíúrtha a scrúdú
- dea-chleachtais i riarachán an Chláir a aithint
- measúnú ar dhea-chleachtas d'oiliúint na n-éascóirí agus monatóireacht ar sheachadadh na hoiliúna
- modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm le meastóireacht agus tomhas a dhéanamh ar éifeacht an chláir

Is iad baill reatha an choiste ná:

- Coimisinéir Cúnta John Twomey, Cathaoirleach
- Ard-Cheannfort Anne Marie McMahon
- An iníon. Phil Hanna
- An t-Uasal Tim Dalton
- An Cigire Finbarr Murphy (Rúnáil)

STRUCTÚR ACMHAINNÍ DAONNA



ATREORUITHE CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA


Ba é an líon iomlán atreoraithe faighte i 2010 ná 27,257. Is méadú é seo le 3,305 (13.80%) ar an bhfigiúr de 23,952 atreorú faighte i 2009.

Tábla 1: Líon Atreoraithe i 2010 de réir Réigiúin agus Roinne


	Iomlán	Foir-meálta	Neamhfhoirmeálta	Gan Aon Bheart Eile	Ar Feitheamh	Mí-oiriúnach
RÉIGIÚN AN OIRTHIR						
CILL DARA	901	139	436	18	57	251
LAOIS / UÍBH FHAILÍ	754	159	303	9	56	227
AN MHÍ	612	153	262	24	34	139
AN IARMHÍ	509	125	232	16	35	101
CILL MHANTÁIN	634	152	265	28	59	130
Iomlán an Oirthir	3410	728	1498	95	241	848
RÉIGIÚN CHATHAIR B.Á.C.						
RCBÁC THOIR	948	189	327	43	145	244
RCBÁC THUaidh	2054	354	813	60	178	649
RCBÁC LÁR THUaidh	903	139	159	12	119	474
RCBÁC THEAS	1849	258	679	85	92	735
RCBÁC LÁR THEAS	547	68	169	20	73	217
RCBÁC THiar	2290	463	685	100	241	801
Iomlán an RCÁC	8591	1471	2832	320	848	3120
RÉIGIÚN AN TUaiscirt						
AN CABHÁN / MUINEACHÁN	739	172	345	13	38	171
DÚN NA NGALL	928	292	396	25	69	146
LÚ	659	125	354	16	22	142
SLIGEACH / LIATROIM	421	80	176	10	18	137
Iomlán an Tuaiscirt	2747	669	1271	64	147	596
RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT						
CILL CHAINNIGH/ CEATHARLACH	846	131	432	26	47	210
TIOBRAID ÁRANN	975	245	480	23	57	170
PORT LÁIRGE	945	232	338	27	58	290
LOCH GARMAN	676	194	340	11	24	107
Iomlán an Oirdheiscirt	3442	802	1590	87	186	777
RÉIGIÚN AN DEISCIRT						
CATHAIR CHORCAÍ	1965	434	808	65	46	612
CORCAIGH THUaidh	881	182	430	32	31	206
CORCAIGH THiar	591	122	291	27	23	128
CIARRAÍ	793	131	340	47	48	227
LUIMNEACH	1575	493	450	41	81	510
Iomlán an Deiscirt	5805	1362	2319	212	229	1683
RÉIGIÚN AN IARThair						
AN CLÁR	849	192	252	49	61	295
GAILLIMH	1266	248	609	63	70	276
MAIGH EO	611	132	304	16	18	141
ROS COMÁIN / LONGFORT	459	83	203	2	25	146
Iomlán an Iarthair	3185	655	1368	130	174	858
LASMUIGH DEN DLÍNSE	77	8	39	14	11	5
FORIOMLÁN	27257	5695	10917	922	1836	7887
	100%	21%	40%	3%	7%	29%

ATREORUITHE CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Figiúr 1 : Líon na gCásanna Atreoraithe 2006 □ 2010



Figiúr 2 : Cás Cinntí mar chéatadán d'iomlán na n-atreoraithe 2008 □ 2010



*Tá na figiúirí suimithe go dtí an pointe céatadán is gaire

LEANAÍ ATREORUITHE CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA


Ba é líon iomlán na leanaí a atreoraíodh i 2010 ná 17,986. Is laghdú é seo de 533 (2.88%) ar an iomlán 2009 de 18,519 agus laghdú tuilleadh ar fhiigiúr 2008 de 21,412.

Tábla 2 : Líon na Leanaí a atreoraíodh i 2010 trí Réigiún agus Roinn


	Iomlán	Foir-meálta	Neamhfh-oirmeálta	Gan Aon Bheart Eile	Ar Feitheamh	Mí-oiriúnach
RÉIGIÚN AN OIRTHIR						
CILL DARA	610	97	363	16	46	88
LAOIS / UÍBH FHAILÍ	492	106	247	12	35	92
AN MHÍ	439	104	232	16	28	59
AN IARMHÍ	342	58	207	18	19	40
CILL MHANTÁIN	433	84	234	31	41	43
Iomlán an Oirthir	2316	449	1283	93	169	322
RÉIGIÚN CHATHAIR B.Á.C.						
RCBÁC THOIR	664	126	301	41	94	102
RCBÁC THUaidh	1414	240	720	62	121	271
RCBÁC LÁR THUaidh	453	64	133	12	75	169
RCBÁC THEAS	1226	184	573	76	63	330
RCBÁC LÁR THEAS	327	48	139	19	34	87
RCBÁC THiar	1567	332	615	93	161	366
Iomlán an RCÁC	5651	994	2481	303	548	1325
RÉIGIÚN AN TUAISCIRT						
AN CABHÁN / MUINEACHÁN	506	107	286	13	29	71
DÚN NA NGALL	614	154	332	20	43	65
LÚ	503	87	313	16	15	72
SLIGEACH / LIATROIM	252	48	156	9	10	29
Iomlán an Tuaiscirt	1875	396	1087	58	97	237
RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT						
CILL CHAINNIGH/CEATHARLACH	565	77	356	24	28	80
TIOBRAID ÁRANN	609	133	354	18	29	75
PORT LÁIRGE	587	141	293	25	35	93
LOCH GARMAN	456	108	291	14	20	23
Iomlán an Oirdheiscirt	2217	459	1294	81	112	271
RÉIGIÚN AN DEISCIRT						
CHATHAIR CHORCAÍ	1265	238	695	63	29	240
CORCAIGH THUaidh	641	123	376	34	15	93
CORCAIGH THiar	410	82	245	24	14	45
CIARRAÍ	475	73	275	34	26	67
LUIMNEACH	940	299	407	34	43	157
Iomlán an Deiscirt	3731	815	1998	189	127	602
RÉIGIÚN AN IARTHAIR						
AN CLÁR	480	121	200	42	35	82
GAILLIMH	936	189	529	61	42	115
MAIGH EO	423	84	259	12	10	58
ROS COMÁIN / LONGFORT	291	52	169	2	16	52
Iomlán an Iarthair	2130	446	1157	117	103	307
LASMUIGH DEN DLINSE	66	8	32	15	9	2
FORIOMLÁN	17986	3567	9332	856	1165	3066
	100%	20%	52%	5%	6%	17%

LEANÁI ATREORUITHE CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Figiúr 3 : Líon na Leanáí Atreoraithe 2006 □ 2010



Figiúr 4 : Cás – Chinntí mar chéatadán de líon iomlán na Leanáí atreoraithe



*Tá na figiúirí suimithe go dtí an pointe céatadán is gaire

LEANAÍ ATREORUITHE DE RÉIR INSCNE, RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

I 2010 ba mhná iad 3,952 (22%) de na leanaí a atreoraíodh chuig an gclár agus ba fhir iad 14,034 (78%) de na leanaí a atreoraíodh.


Tábla 3: Inscene na Leanáí a atreoraíodh de réir Réigiúin agus Roinne

	Foirmeálta		Neamhfhoir-meálta		Gan Aon Bheart Eile		Ar Feitheamh		Neamhfhoir-meálta		
	F	M	F	M	F	M	F	M	F	M	
RÉIGIÚN AN OIRTHIR											
CILL DARÁ	16	81	92	271	3	13	8	38	8	80	610
LAOIS / UÍBH FHAILÍ	14	92	62	185	1	11	3	32	8	84	492
AN MHÍ	21	83	59	173	3	13	8	20	6	53	439
AN IARMHÍ	14	44	63	144	1	17	0	19	2	38	342
CILL MHANTÁIN	12	72	63	171	2	29	9	32	5	38	433
Iomlán an Oirthir	77	372	339	944	10	83	28	141	29	293	2316
RÉIGIÚN CHATHAIR B.Á.C.											
RCBÁC THOIR	18	108	95	206	4	37	17	77	16	86	664
RCBÁC THUaidh	33	207	197	523	16	46	19	102	39	232	1414
RCBÁC LÁR THUaidh	10	54	39	94	4	8	20	55	10	159	453
RCBÁC THEAS	15	169	168	405	19	57	13	50	43	287	1226
RCBÁC LÁR THEAS	7	41	33	106	3	16	5	29	10	77	327
RCBÁC THiar	42	290	207	408	24	69	20	141	30	336	1567
Iomlán an RCÁC	125	869	739	1742	70	233	94	454	148	1177	5651
RÉIGIÚN AN TUaiscirt											
AN CABHÁN / MUINEACHÁN	17	90	64	222	6	7	10	19	12	59	506
DÚN NA NGALL	15	139	80	252	7	13	5	38	2	63	614
LÚ	10	77	91	222	4	12	5	10	3	69	503
SLIGEACH / LIATROIM	11	37	44	112	1	8	0	10	1	28	252
Iomlán an Tuaiscirt	53	343	279	808	18	40	20	77	18	219	1875
RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT											
CILL CHAINNIGH/ CEATHARLACH	9	68	101	255	6	18	4	24	3	77	565
TIOBRAID ÁRANN	18	115	97	257	5	13	3	26	4	71	609
PORT LÁIRGE	29	112	70	223	8	17	10	25	11	82	587
LOCH GARMAN	14	94	81	210	2	12	3	17	2	21	456
Iomlán an Oirdheiscirt	70	389	349	945	21	60	20	92	20	251	2217
RÉIGIÚN AN DEISCIRT											
CATHAIR CHORCAÍ	58	180	234	461	21	42	6	23	24	216	1265
CORCAIGH THUaidh	23	100	99	277	12	22	2	13	10	83	641
CORCAIGH THiar	12	70	76	169	3	21	3	11	4	41	410
CIARRAÍ	12	61	68	207	11	23	4	22	4	63	475
LUIMNEACH	47	252	137	270	9	25	12	31	17	140	940
Iomlán an Deiscirt	152	663	614	1384	56	133	27	100	59	543	3731
RÉIGIÚN AN IARTHAIR											
AN CLÁR	22	99	52	148	13	29	9	26	3	79	480
GAILLIMH	36	153	174	355	20	41	10	32	20	95	936
MAIGH EO	7	77	63	196	0	12	1	9	6	52	423
ROS COMÁIN / LONGFORT	4	48	54	115	1	1	2	14	8	44	291
Iomlán an Iarthair	69	377	343	814	34	83	22	81	37	270	2130
LASMUGH DEN DLÍNSE											
LASMUGH DEN DLÍNSE	2	6	2	30	6	9	1	8	1	1	66
FORIOMLÁN	548	3019	2665	6667	215	641	212	953	312	2754	17986


RABHAIDH—RABHAIDH FHOIRMEÁLTA AGUS NEAMHFHOIRMEÁLTA

I 2010 ba í líon iomlán na leanaí a tugadh rabhadh foirmeálta nó rabhadh neamhfhoirmeálta dóibh ná 12,899. Is ionann é seo agus 72% de líon iomlán na leanaí a atreoraíodh. Ba rabhaidh neamhfhoirmeálta iad 9,332 (52%) agus fuair 3,567(20%) rabhadh foirmeálta, i gcomparáid le 54% agus 22% don bhliain 2009.

Figiúr 5 : Líon na Leanáí a fuair Rabhadh 2006 □ 2010



Figiúr 6 : Céatadán na Leanáí a Ceapadh a bheith Oiriúnach le haghaidh Chuimsithe 2006 □ 2010



(Nuair atá na staitisticí athruithe le cur i gcomparáid le figiúirí anuraidh chun 3% i gcásanna ar feitheamh a chur san áireamh mar thoradh ar thabhairt isteach PULSE measadh go meadófar líon na leanaí a ceapadh a bheith oiriúnach le 2%, a bheag nó a mhór).

CEARTAS AISIRÍOCH

Is téarma é ‘Ceartas Aisiríoch’ a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas faoina dtugtar deis d’íospartach an chiona casadh ar an gciontóir nó a t(h)uairimí a chur i lathair an chiontóra. Forálar Ceartas Aisiríoch in Acht na Leanaí 2001 tríd an íospartach a bheith i lathair ag rabhadh foirmeálta nó comhdháil teaghlaigh. Táthar ag súil go dtuigfidh an ciontóir nár chion in aghaidh an dlí amháin atá déanta ach cion in aghaidh duine nó in aghaidh phobail. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann ceartas aisiríoch le rabhadh foirmeálta de réir ailt 26 agus 29 d’Acht na Leanaí 2001.

Chomh maith le daonnacht a thabhairt don dochar, tá dushlán tugtha don iompar agus tugtar deis don chiontóir ní hamháin leithscéal a ghabháil ach gníomh éigin a dhéanamh an dochar a leigheas. Féadfaidh an gníomh aisiríche seo a chur gcrích trí earraí goidte a shlánú, cailteanas a chúiteamh, dochar déanta a dheisiú nó teacht ar réiteach maidir le hiompar sa todhchaí atá deartha chun a dhearbhu don íospartach nach dtarlóidh an cion arís.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach freastal ar rabhadh foirmeálta linbh is é a thugtar air ná rabhadh aisiríoch. I gcúinsí áirithe d’fhéadfadh gurbh fhearr le híospartaigh a dtuairimí a nochtadh trí mheán na litreach nó trí theafadadh nó trí chara, lucht leanúna nó duine eile a t(h)uairim a chur in iúl.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach freastal ar chomhdháil teaghlaigh maidir le leanbh tugtar comhdháil aisiríoch air. Tá an chomhdháil aisiríoch cosúil le rabhadh aisiríoch ar mhorán bealaí. Tugtar guth don íospartach agus déantar daonnacht don iompar ciontach. Áit a bhfuil difríocht i gceist ná go ndéanann an chomhdháil iarracht níos mó réimse níos leithne saineolais a úsáid in iarracht dushlán iompar an linbh a thabhairt agus chun tacú le haon athrú a d’fhéadfadh titim amach mar thoradh ar an gcomhdháil. Cuir i gcás, d’fhéadfaí ní amháin an t-íospartach agus lucht tacaíochta an íospartaigh a bheith i lathair ag an gcomhdháil ach múinteoir scoile, oibrí sóisialta, mórtheaghlach an linbh nó aon duine eile a d’fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige/aici ar a c(h)uid iompraíochta sa todhchaí.

D’úsáid Oifigigh Idirchaidreamh don Óige Cleachtaí Cheartas Aisiríoch chun déileáil le 792 atreorú i 2010. Bhí cásanna tromchúiseacha ionsaithe, ionsaithe ar Ghardaí, gadaíocht, coirloscadh, buirgléireacht, ciapadh agus ord poiblí i gceist i mórán de na cásanna inar úsáideadh idirghabhálacha aisiríocha.

I 2010 cailíodh ocht nOigigeach Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána mar oiliúnaithe i gCleachtaí Aisiríocha agus d’oibrigh siad le pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí eile go háirithe an tSeirbhís Promhaidh chun oiliúint a thabhairt agus cleachtaí aisiríoch pobail a fhorbairt.

Rinne an Oifig OÍO I Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thoir clár chleachtas aisiríoch um shábháilteacht ar bhóithre a phíolótú i gcomhpháirtíocht le hOifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige (OGSLGÓ) agus le hAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre an Gharda Síochána. Tugtar dushlán do thiománaithe óga a rinne coireanna bóthair faoina (h)iompar ag baint úsáide as an gcur chuige aisiríocha

Tá an OGSLGÓ, Gardaí i dTamhlacht agus An Tionscnamh Forbartha Leanaí Tamhlacht Thiar ag obair faoi lathair ar thionscnamh Chleachtaí Aisiríoch Pobail fairsingíoch. Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo ná oiliúint a thabhairt do 800 duine laistigh den phobal i bprionsabail chleachtas aisiríocha agus i gcur chun cinn úsáid na bprionsabal ag déileáil le daoine óga sa cheantar Thamhlacht Thiar.

Tá an OGSLGÓ agus Gardaí i bPort Láirge ag treorú Tionscnamh Cleachtaí Aisiríocha idirghníomhaíochta i gCathair Phort Láirge. Is é atá i gceist leis an tionscnamh ná oiliúint a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara a bhíonn ag caidreamh le leanaí i bprionsabail Chleachtaí Aisiríocha chun teanga choiteann a chruthú le haghaidh sholáthar seirbhíse laistigh de rannóg an óige.

Tá an Coiste sásta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh i bhforbairt cheartas aisiríoch de réir Cuid 4 den Acht.

CEARTAS AISIRÍOCH I GCLEACHTAS - TRÍ STAIDÉAR AR CHÁS ÁIRITHE

Ionsaí tromchúiseach ar ghasúr 15 bliana d'aois

Ionsaíodh gasúr 15 bliana d'aois darbh ainm Pól ag comhleacaí scoile ba chúis leis lámh briste agus ballbhrú a fháil. Bhí an-imní ar Phól go n-ionsofar arís é mar d'úsáid an bheirt ghasúir an módh céanna iompar poiblí chuig an scoil agus chomh maith leis sin bhí saol sóisialta acu sa cheantar céanna ag an deireadh seachtaine agus bhí baint acu leis an gclub peile céanna. Cuireadh an t-aimhleastóir, darbh ainm Seán, ar fionraí ar dtús ón scoil.

Cinneadh ar chruinniú aisiríoch a thionóil. Bhí Seán i dteannta a thuismitheoirí a bhí náirithe go mór as iompar a mhic agus d'inis siad faoin tslí a raibh deacrachtaí acu lena iompar ó cuireadh ar fionraí ón scoil é. Ghabh Seán leithscéal le Pól agus mhínigh sé gur cuireadh isteach go mór air nuair a chuala sé gur bhris sé lámh Phóil agus nárbh é sin an rud a bhí ar intinn aige a dhéanamh. Mhínigh sé gur mhór an oscailt súile é agus gur theastaigh uaidh gloch isteach chun a leithscéal a ghabháil ach go raibh eagla air a leithéid a dhéanamh. Ghabh sé leithscéal ag an gcruinniú agus ghlac Pól leis mar fhíor-leithscéal.

Bhí príomhoide na scoile i láthair freisin agus cheadaigh sé ligint do Sheán ar ais ar scoil ar an gcoinníoll gur luigh sé isteach ar a chuid oibre agus gur chuir sé feabhas ar a iompar. Gheall Pól do Sheán nach mbeadh aon eachtra eile ann agus dá mbuailfidís le chéile ar an tsráid go dtrasnódh Seán an bóthar dá gcabhródh sé sin le cúrsaí.

D'fhill an bheirt ghasúr ar ais ar scoil agus chuir Pól a shásacht in iúl go bhfuair sé leithscéal agus gealltanas nach dtarlódh a leithéid arís. Fuair Seán rabhadh ón OIÓ agus cuireadh faoi mhaoirseacht Gharda é ar feadh tréimhse 12 mhí. Ní raibh sé i dtrioblóid ón eachtra seo i leith agus tá a theastas sóisearach déanta aige.

Damáiste Coiriúil d'Fhorbairt Pobail

Rinne cumann forbartha sráidbhaile beag, le blianta beaga anuas, forbairt ar áit i gcomharsanacht abhann áitiúil chun gurbh fhéidir le daoine sa phobal dul ag snámh. Sholáthraigh siad seomraí feistis agus áiseanna leithris do dhaoine ar mhian leo iad a úsáid mar chuid den forbairt seo. Chomh maith leis seo d'athchóirigh siad seanseipéal chun a bheith mar bhialann le seomra cruinnithe agus áiseanna comhdhála.

Deineadh loitiméireacht ar an áis seo cúpla uair le linn míonna an tsamhraidh le damáiste déanta d'fhuinneoga, doirse agus leithris sna seomraí feistis agus do roinnt plandaí agus tor. Fuair eadh amach go raibh cúig ghasúr óg freagrach as an damáiste seo agus atreoraídh chuig an gClár Athstíúrtha iad agus beartaíodh ar rabhadh aisiríoch a úsáid.

Reactáladh an cruinniú aisiríoch I lárionad inar bhuail na haimhleastóirí aghaidh ar aghaidh le baill an phobail agus feighlithe na háise. Tugadh deis do gach duine a rá conas a chuir an drochiompar isteach orthu. Ní raibh an coir i gcoinne fhoirgnimh a thuilleadh ach i gcoinne phobail agus i gcoinne dhaoine a bhí mór leis an ionad. B'é críoch an chruinnithe ná gur ghabh na ceithre duine óg a bhí i láthair leithscéal leis na feighlithe agus leis an bpobal agus d'aontaigh siad ar cheithre bhosca fuinneoige le bláth-chóiriú a thaispeáint ar na ceithre fhuinneog chun tosaigh an ionaid. D'aontaigh siad ar chabhrú le slachtú agus glantachán ginearálta lasmuigh den fhoirgneamh ar feadh dhá mhaidin Shathairn chun ullmhú le ceiliúradh comórtha níos déanaí sa mhí. Thairg beirt de na thuismitheoirí chun cabhrú le maoirseacht a dhéanamh ar an obair seo agus aontaíodh air seo.

Deisíodh an dochar agus glacadh leis na daoine óga ar ais ina bpobal tar éis dóibh ceacht luachmhar a fhoghlaim.

Damáiste Coiriúil do charr

Thaisteal ceathrar ógánach ó Bhaile Átha Cliath chun an deireadh seachtaine a chaitheamh le máthair duine de na hógánaigh ina teach, i mbaile tuaithe in iarthar na hÉireann. Tar éis a bheith ligthe amach chun am éigin a chaitheamh sa bhaile, d’ól an ceathrar roinnt alcól agus ansin thosaigh said ‘ag pleidhcíocht’ le cairr a bhí páirceáilte sa chearnóg. Rinne siad ina dhiaidh sin luach €500 damáiste, a bheag nó a mhór, do charr amháin.

Bhí cathú ar gach duine acu as ucht a ngníomhartha agus theastaigh ó na tuismitheoirí go bhfaigheadh gach ógánach rabhadh faoi théarmaí an Chláir Athstiúrtha don Óige. Ba mhúinteoir meanscoile sa bhaile an t-íospartach. Beartaíodh ar fhéachaint isteach ar rabhadh aisiríoch do na buachaillí.

Bhí an múinteoir ró-chorraithe ag na himeachtaí chun cruinniú aghaidh ar aghaidh a bheith ann leis na buachaillí ach ina ionad d’aontaigh sé/sí an cás a phlé leo trí chomhdháil teileafóin.

Bhuail an ceathrar buachaill I dteannta a dtuismitheoirí i mBaile Átha Cliath agus labhair siad leis an múinteoir trí bhíthin chomhdháil teileafóin. Mhínigh an múinteoir gur tógadh méid áirithe scrúdaithe samhraidh agus obair thionscadail a daltaí den charr, go raibh siad loite agus scaipthe timpeall na sráide. Mhínigh sí gur chuir gníomhartha na mbuachaillí isteach, ní hamháin uirthi, ach ar líon ard a daltaí gur cailleadh a saothair chrua. Chuaigh sé dian ar an múinteoir é sin a rá lena daltaí an lá dar gcionn. Theastaigh uaithi go mbeadh a fhios ag na buachaillí faoi seo agus conas a chuir sé isteach ar a daltaí.

Bhí tuiscint níos fearr ag na buachaillí anois ar conas a chuir a n-iompar isteach ar dhaoine óga eile agus bhí tuiscint acu ar cé chomh do-ghlactha is a bhí sé. Ghabh said a leithscéal agus ghlac an múinteoir le fírinneacht an leithscéala. Glacadh le cúiteamh airgid agus thángthas ar réiteach ar fhráma ama faoi cathain agus conas a íocfar é. Fuair siad rabhadh ón OIÓ agus cuireadh faoi mhaoirseacht an Gharda Síochána iad ar feadh tréimhse 12 mhí.

CEARTAS AISIRÍOCH 2010 DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

Táble 4: Ceartas Aisiríoch 2006 □2010

	2006	2007	2008	2009	2010
ROINN AN OIRTHIR					
CEATHARLACH/ CILL DARA ¹	11	8	17	-	-
CILL DARA ²	-	-	-	10	11
LAOIS / UÍBH FHAILÍ	8	10	14	9	28
AN LONGFORT / AN IARMHÍ ¹	4	7	-	-	-
Lú / AN MHÍ ¹	14	14	-	-	-
AN MHÍ ²	-	-	7	12	11
AN IARMHÍ ²	-	-	11	6	38
CILL MHANTÁIN ²	-	-	5	8	2
Iomlán an Oirthir	37	39	54	45	90
RÉIGIÚN CHATHAIR B.Á.C.					
RCBÁC THOIR	33	34	24	16	31
RCBÁC THUaidH	4	8	15	13	20
RCBÁC LÁR THUaidH	12	52	46	54	59
RCBÁC THEAS	11	12	11	10	10
RCBÁC LÁR THEAS	17	18	18	13	16
RCBÁC THiar	23	16	28	32	44
Iomlán an RCÁC	100	140	142	138	180
RÉIGIÚN AN TUAISCIRT					
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	6	9	21	10	5
DÚN NA NGALL	3	6	4	3	8
SLIGEACH / LIATROIM	-	3	5	4	3
LÚ ²	-	-	9	10	17
Réigiún an Tuaiscirt Iomlán	9	18	39	27	33
RÉIGIÚN AN OIR DHEISCIRT					
CILL CHAINNIGH/CEATHARLACH ²	-	-	-	14	10
TIOBRAID ÁRANN	4	3	14	7	48
PORT LÁIRGE ²	-	-	-	11	13
PORT LÁIRGE / CILL CHAINNIGH ¹	10	18	22	-	-
LOCH GARMAN / CILL MHANTÁIN ¹	8	16	-	-	-
² LOCH GARMAN	-	-	12	12	13
Réigiún an Oirdheiscirt Iomlán	22	37	48	44	84
RÉIGIÚN AN DEISCIRT					
CATHAIR CHORCAÍ	39	47	35	57	162
CORCAGH THUaidH	12	17	19	34	54
CORCAIGH THiar	42	26	19	25	32
CIARRAÍ	8	6	1	1	5
LUIMNEACH	11	9	9	10	42
Réigiún an Deiscirt Iomlán	112	105	83	127	295
RÉIGIÚN AN IARTHAIR					
AN CLÁR	1	-	2	-	4
GAILLIMH	4	12	27	22	67
MAIGH EO	10	10	3	5	17
ROS COMÁIN / GAILLIMH THOIR ¹	12	17	-	-	-
ROS COMÁIN / LONGFORT ²	-	-	24	8	22
Réigiún an Iarthair Iomlán	27	39	56	35	110
Foriomlán	307	378	422	416	792

¹ Ranna nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh de bharr athailíniú teorainne i 2008 agus 2009

² Ranna nua cruthaithe i rith athailíniú teorainne i 2008 agus 2009

LEANAÍ ATÁ CEAPTHA LENA BHEITH MÍ-OIRIÚNACH LE CUR ISTEACH SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA


I 2010 ceapadh go raibh 3,066 (17%) leanbh mí-oiriúnach le bheith curtha isteach sa Chlár Athstiúrtha.

Is féidir taifead a dhéanamh de chás atá ceaptha lena bheith mí-oiriúnach má tá aon cheann de na nithe thíos a leanas i láthair:


- Ní ghlacann an leanbh freagracht as an iompar
- Ní bheadh sé chun leas na sochaí rabhadh a thabhairt don leanbh
- Tá an leanbh ag déanamh ciona de shíor

Tá na hábhair seo curtha ar ais ansin chuig bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána a dhéanann cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí nuair is cuí, an dtionólfar ionchúiseamh.

Figiúr 7: Líon na leanaí ceaptha le bheith mí-oiriúnach le cur san áireamh 2006 – 2010



Figiúr 8: Céatadán na leanaí ceaptha le bheith mí-oiriúnach le cur san áireamh 2006



CINEÁLACHA CIONTA AR A ATREORAÍODH PÁISTÍ

Léiríonn Tábla 5 na cineálacha cionta ar a atreoraíodh páistí chuig an gClár Athstíúrtha i 2010.

Tábla 5: Cineál coire ar a atreoraíodh Leanaí i 2010

CINEÁL COIRE	Líon Atreo- raithe	Atreoruithe mar % den iomlán
Cionta Dúnbhásaithe		
Dúnmharú / Dúnorgain / Naíonmharú	5	0.02%
Tiomáint Chontúirteach faoi deara Bás	1	0.00%
Cionta Gnéasacha		
Éigniú Fir nó Mná	50	0.18%
Truailliú Buachalla nó Cailín faoi bhun 17 mBlíana d'Aois	10	0.04%
Cion Gnéasach a bhaineann le duine faoi Mhíbhuntáiste Intinne	0	0.00%
Tromionsaí Gnéasach	3	0.01%
Ionsaí Gnéasach (Gan a bheith trom)	119	0.44%
Ionsaí Gnéasach Eile	13	0.05%
Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, Ionsaithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara		
Dúnmharú- Iarracht	0	0.00%
Dúnmharú - Bagairt	3	0.01%
Ionsaí faoi deara Dochar - Nimhiú	520	1.91%
Ionsaithe eile	1375	5.04%
Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	37	0.14%
Gníomhartha Dainséaracha nó Failíocha		
Tiomáint Chontúirteach faoi deara dochar coirp tromchúiseach	1	0.00%
Tiomáint / I gCeannas ar Fheithicil agus os cionn Teorainn Dhleathach Alcóil	95	0.35%
Tiomáint / I gCeannas ar Fheithicil agus an tiománaí faoi thionchar Drugaí	11	0.04%
Tiomáint Chontúirteach / Neamhaireach agus Cionta Mo- torbhealaigh Eile	285	1.05%
Ag Tiomáint ar Luas	202	0.74%
Baol le féidearacht de Dhochar Tromchúiseach /Bhás	20	0.07%
Tréigean Linbh, Faillí Linbh agus Cruálacht	0	0.00%
Úsáid Dhainséarach Árthaigh (Aer, Farraige) nó Áiseanna	0	0.00%
Baol (Bóthair) Tráchtá	68	0.25%
Fuadach agus Cionta Gaolmhara		
Príosúnú Bréagach	4	0.01%
Abductú Duine faoi bhun 16 Blíana d'Aois	0	0.00%
Cionta Robála		
Robáil Áitribh nó Institiúid	19	0.07%
Robáil Airgid Thirim nó Earraí faoi Bhealach	0	0.00%
Robáil ó Dhuine	505	1.85%
Dúmháil nó Sracadh	2	0.01%
Fuadach cairr, Fuadach / Urghabháil Mhídhleathach Aerárthaigh / Árthaigh	14	0.05%


CINEÁL COIRE AR ATREORAÍODH LEANAÍ

Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara		
Trombhúirgléireacht	26	0.10%
Buirgléireacht (gan a bheith trom)	1440	5.28%
Sealbhú ar Earra (le hintinn buirgléireacht, gadaíocht, éileamh a dhéanamh)	85	0.31%
Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara		
Gadaíocht / Tógáil Feithicle agus Cionta Gaolmhara	619	2.27%
Gadaíocht ó Dhuine	88	0.32%
Gadaíocht ó Shíopa	4180	15.34%
Gadaíocht Eile, Láimhseáil Maoine Goidte	1218	4.47%
Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara		
Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	228	0.84%
Cionta Drugaí Rialaithe		
Drugaí a Iompórtáil	0	0.00%
Saothrú nó Déanamh Drugaí	17	0.06%
Sealbhú Drugaí le Díol nó Soláthar	203	0.74%
Sealbhú Drugaí le hÚsáid Pearsanta	963	3.53%
Cionta Drugaí Eile	43	0.16%
Cionta Uirlisí agus Pléascán		
Pléascáin, Cionta Airm Cheimiceacha	28	0.10%
Cionta Arm Tine	43	0.16%
Cionta Arm Ionsaitheacha	456	1.67%
Cionta Tinte Ealaíne	174	0.64%
Damáiste do Réadmhaoin agus don Timpeallacht		
Coirloscadh	227	0.83%
Damáiste Coiriúil (Gan Coirloscadh)	2791	10.24%
Cionta Brúscair	7	0.03%
Ord Poiblí agus Cionta Cód Sóisialta eile		
Iompar Mí-Ordúil	5976	21.92%
Cionta Foghla	1555	5.70%
Cionta um Deochanna Meisciúla	951	3.49%
Cionta Striapachais	2	0.01%
Cionta Gealltóireacht rialaithe / Airgid, Bailiúcháin / Trádála	59	0.22%
Cionta Cód Sóisialta	1	0.00%
Cionta Bóithre agus Tráchtá		
Cionta Ceadúnas Tiomána / Árachais	712	2.61%
Cionta Cáin Feithicle / Cláraithe	227	0.83%
Cionta Ródacmhainneachta/ Rialála	1290	4.73%
Cionta Iompar Bóthair / Feithiclí Seirbhísí Poiblí	40	0.15%

CINEÁL COIRE AR ATREORAÍODH LEANAÍ

Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Ceartais agus Eagrú na Coire		
Cionta in aghaidh an Rialtais agus a ghníomhaithe	65	0.24%
Eagrú na Coire agus Comhcheilg chun coir a dhéanamh	6	0.02%
Cúrsa na Córa a shaobhadh	0	0.00%
Cionta le linn a bheith faoi choimeád, Orduithe Cúirte a Shárú	100	0.37%
Cionta nach bhfuil Aicmithe in aon Áit Eile		
Cionta i leith Iompórtáil / Smachtú /Leas Ainmhithe	23	0.08%
Cionta Iascaigh / Mara	2	0.01%
Úsáid Sonraí, Góchumtha Leictreonach agus Craolú	0	0.00%
Cionta Ilchineálach	50	0.18%
Foriomlán	27257	100.00%

Figiúr 9: Cineál Coire mar chéatadán den iomlán a atreoraíodh i 2010




PRÓIFÍL AOISE LEANAÍ A ATREORAÍODH CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Léiríonn Figiúr 9 próifíl aoise na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha. Maidir leis na leanaí a atreoraíodh bhí

- 32.4% acu 17 mbliana (2009;35%)
- 23.8% acu 16 bliana (2009 ; 24%)
- 19.5% acu 15 bliana (2009; 18%)
- 13% acu 14 bliana (2009 ;12%)
- 7.8% acu 13 bliana (2009; 7%)
- 3.4 % acu 12 bhliain (2009; 3%)
- 0.1% acu faoi bhun 12 bhliain (2009; 1%)

Figiúr 9 : Próifíl Aoise na Leanáí a Atreoraíodh i 2010



TIONSCNAIMH ATREORUITHE ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tugann Tionscnaimh Atreoruithe Óige an Gharda Síochána (TAÓGS) léargas ar thiomantas corparáideach An Garda Síochána do chur chuige comhpháirtíocht ilghníomhaireachtaí chun dul i ngleic le coire óige agus iompar frithshóisialta ag leibhéal an phobail. Tá TAÓGS maoinithe ag an tSeirbhís Ceartas Óige na hÉireann (SCÓÉ) gur oifig fheidhmeannach de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.

Tá na tionscnaimh mar thionscnaimh chosc ar choireacht ilghníomhaireachtaí atá pobal-bunaithe leis an mbunaidhm ná chun daoine óga a bhí páirteach in iompar frithshóisialta agus/nó iompar coiriúil a atreorú trí imeachtaí cuí a sholáthar chun éascú le forbairt pearsanta, chun freagracht shibhialta a chur chun cinn agus chun seansanna fadtéarma fostaíochta a fheabhsú. D'fhéadfadh an tionscnamh freisin obair le daoine óga atá ar riosca ard le bheith páirteach in iompar frithshóisialta agus/nó iompar coiriúil. Ar an gcaoi seo, cuireann na tionscnaimh le caighdeán na beatha laistigh de na pobail a fheabhsú agus caidreamh pobail/Garda a mhéadú.

Tá ról an phobail agus ghníomhaíochtaí eile atá bunaithe go háitiúil mar chomhpháirtneírí fíorthábhachtach i gcur i bhfeidhm agus seachadadh na dtionscnamh. Cabhraíonn na tionscnaimh leis An Garda Síochána agus le hOifig Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána Garda ach go háirithe le cur i bhfeidhm an Chláir Athstíúrtha mar atá leagtha síos I gCuid 4 d'Acht na Leanaí 2001.

Oibríonn TAÓGS le daoine óga san aois idir 12 agus 18 mbliana go príomha agus a tháinig i gcoimhlint nó atá i ndainséar lena bheith i gcoimhlint leis an dlí. Tá leanbh atreoruithe chuig tionscnamh ag an OIÓ, ach freisin is féidir le leanbh a bheith atreoruithe ag Garda eile, gníomhaireachtaí eile, oibrí pobail nó ball teaghlaigh.

Oibríonn an tionscnamh leis an leanbh agus leagann sé amach plean pearsanta idirghabhála dó/di a dhéanann iarracht cabhrú leis na rannpháirtithe a bpróisis chinnteoireachta a scrúdú ag díriú ar na cinntí a threoirigh iad chun cion a dhéanamh agus ar an riachtanas chun athrú a dhéanamh. Úsáidtear teicnící agallaimh spreagthaigh ag foireann an tionscnaimh chun an t-athrú seo a éascú agus úsáidtear sampla-aithris atá pró-shóisialta chun dúshlán a thabhairt do dhearcaí agus iompair na rannpháirtithe aonair.

Tá cúnamh agus tacaíocht tugtha chomh maith do chlann an rannpháirtithe ag cur san áireamh go gcaithfear meon agus iompar athruithe an rannpháirtí a atreisiú go dearfach sa bhaile, ar scoil, laistigh de phiarghrúpaí agus sa phobal.

Tá traenáil taithíoch faighte ag gach foireann tionscnaimh agus ag na hOIÓ'anna i sampla-aithris pró-shóisialta agus teicnící agallaimh spreagthaigh atá deartha chun scileanna na ndaoine atá ag obair ar na tionscnaimh a fheabhsú.

Le linn 2010 d'oibrigh an GSLGÓ go dlúth leis an tSeirbhís Ceartas Óige na hÉireann chun na hidirghabhálacha atá soláthraithe ag na tionscnaimh a fheabhsú. Dhírigh an obair ach go háirithe ar thorthaí an tionscnaimh a athlínú le treochoirí coireachta áitiúla. Is é a bhí i gceist ná bainistíocht áitiúil an Gharda ag aithint na bpríomhcheisteanna maidir le ciontú óige ina gCeantair agus ag obair leis an Tionscnamh chun na hidirghabhálacha cuí a chur i bhfeidhm agus a dhearadh chun dúshlán a thabhairt don iompar ciontaithe agus chun é a aithint.

Tá 100 Tionscnamh Óige an Garda Síochána Garda ar siúl ar fud na tíre faoi láthair ag aobair go dlúth le bainistíocht an Gharda Síochána chun dul i ngleic le hiompar ciontaithe agus le hiompar frithshóisialta sa phobal agus chun cabhrú le leanaí atá i gcoimhlint leis an dlí chun patrúin a n-iompar a athrú.

TUAIRIMÍ AGUS MOLTAÍ

Tá an Coiste faoi chomaoin ag;

- Oifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige as ucht a cuid oibre agus na hOifigigh Idirchaidrimh Óige ar fud an Stáit maidir le seachadadh an Chláir Athstiúrtha
- Coimisinéir an Gharda Síochána as cruthú 7 bpost nua Oifigigh Idirchaidrimh don Óige
- Na Gardaí as a gcion oibre i bhfás Cheartas Coiriúil laistigh d'earnáil Cheartas an Óige
- Oifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige as ucht a cuid oibre chun an Clár Athstiúrtha a chomhtháthú leis an mbunachar sonraí PULSE
- Tábhacht ról na dTionscnamh Atreoruithe i seachadadh an Chláir Athstiúrtha agus tacaíocht a thabhairt dó

Molann an Coiste go mba chóir ;

- go ndéanfaidh Seirbhís Anailíse an Gharda taighde ar rátaí aitheamhais d'ógánaigh atá páirteach sa Chlár Athstiúrtha
- go ndéanfaidh Oifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige athbhreithniú ar na cásanna iomlána ina bhfuil an duine óg faoi bhun 16 bliana agus ceaptha lena bheith mí-oiriúnach le bheith curtha san áireamh sa Chlár Athstiúrtha i gcásanna a tharlóidh sa todhchaí.
- macnamh a dhéanamh ar chleachtais Cheartais Choiriúla a athchóiriú d'obair iomlán an OIÓ